



**Preasráiteas: Embargo 11.00am Máirt 8 Aibreán 2008**

### **Tuarascáil Bhliantúil 2007**

Tháinig Oifig an Choimisinéara Teanga ar sháruihte suntasacha le linn na bliana 2007 ar reachtaíocht a raibh cur chun cinn na Gaeilge mar aidhm aici, de réir thuarascáil bhliantúil na hOifige a foilsíodh inniu.

Chruthaigh imscrúduithe oifigiúla de chuid an Choimisinéara Teanga anuraidh go raibh ranna agus eagraíochtaí stáit eile ann a sháraigh forálacha reachtúla a raibh cosaint nó cur chun cinn na Gaeilge sa saol poiblí mar bhunús leo. I measc na n-eagraíochtaí sin bhí an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Bus Éireann agus Comhairle Contae Fhine Gall.

Chinn an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, tar éis imscrúdú oifigiúil a dhéanamh ar iarratas ó ochtar ball den Oireachtas, nár shárú ar fhoráil de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhí ann gan leaganacha Gaeilge a bheith á bhfoilsíú de bhíllí le linn an phróisis achtaithe i dTithe an Oireachtais.

Scoir an Coimisinéir Teanga d'imscrúdú eile nuair a diúltaíodh cead dó teacht ar eolas i gcomhaid chuí de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mar gur bhain siad le cinntí agus imeachtaí de chuid an Rialtais.

Don dara bliain as a chéile cuireadh breis agus 600 gearán nua i láthair Oifig an Choimisinéara Teanga sa bhliain 2007 inar thug baill den phobal le fios gur chreid siad go raibh cúis gearáin acu de bharr deacrachta le seirbhísí trí Ghaeilge ón státchóras. Fágann sin go bhfuil beagnach 2,000 gearán curtha i láthair na hOifige ó bunaíodh í ar dtús sa bhliain 2004.

Ó Chontae Bhaile Átha Cliath a tháinig an tríú cuid de ghearáin na bliana anuraidh agus tháinig 42% eile ó na trí chontae seo a leanas – Gaillimh (24%), Ciarraí (12%) agus Dún na nGall (6%). Ón nGaeltacht a tháinig 40% de na gearáin agus as ceantair lasmuigh den Ghaeltacht an chuid eile (60%).

Ag labhairt dó ag seoladh na tuarascála, dúirt an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, gur chosúil nár leor na córais reatha maidir le

hearcaíocht agus traenáil foirne le cinntiú go mbeadh líon leordhóthanach foirne le hinniúlacht sa Ghaeilge ar fáil in eagraíochtaí stáit na tíre le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla.

“Nílím ag déanamh an cháis ar chor ar bith gur cheart filleadh ar chóras na Gaeilge éigeantaí d’fhostaithe an stáit, ach ní chreidim gur leor ach an oiread ‘Béarla éigeantach’ a bhrú ar an bpobal agus iad ag déileáil le heagraíochtaí stáit,” a dúirt sé.

Thug sé le fios go bhféadfadh go dteastódh gníomh athchothromaithe leis an líon leordhóthanach sin d’fhoireann le hinniúlacht sa Ghaeilge a chinntiú sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

“Aimsíodh córas le cabhrú le hathchothromaíocht trasphobail a fheabhsú trí idirdhealú dearfach a spreagadh do Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart na hÉireann de thoradh Thuarascáil Patten. Theastódh iarracht den chineál céanna a fheidhmiú anseo ar bhunús teanga, fiú ar feadh tréimhse shealadach, le tionchar dearfach a bheith aige in athchothromú a dhéanamh ar fhoireann le hinniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla sa státchóras anseo,” a dúirt sé.

“Ní bheadh aon impleachtaí maidir le costais bhreise ag a leithéid de ghníomh; go deimhin ba shaoire don státchóras baill foirne le hinniúlacht sa dá theanga oifigiúla araon, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, a bheith fostaithe ann ná an córas reatha i gcuid mhór eagraíochtaí stáit a chaithfidh dul i muinín seirbhísí seachtracha tráchtála aistriúcháin le déileáil, fiú, leis na litreacha is simplí i nGaeilge,” a dúirt sé.

Cé gur aithin sé go raibh roinnt dul chun cinn á dhéanamh i gcuid mhaith eagraíochtaí stáit maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge, dúirt sé go raibh cásanna eile ann ina raibh an tairseach maidir leis an leibhéal seirbhíse trí Ghaeilge an-íseal ar fad agus gur le drogall a chonacthas ról imeallach don teanga i soláthar seirbhíse do chustaiméirí.

“Creidim go gcaithfear an nasc a shoiléiriú agus a threisiú idir foghlaim na Gaeilge i gcóras oideachais na tíre agus úsáid na teanga ina dhiaidh sin i mbun cumarsáide go ginearálta, go háirithe leis an státchóras,” a dúirt sé.

(Críoch)

Tuilleadh eolais: Damhnait Uí Mhaoldúin 091-504006 nó 087-2197946

Féach freisin – Imscrúduithe 2007

**IMSCRÚDUI THE 2007**

## **An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

Chruthaigh imscrúdú de chuid an Choimisinéara Teanga nár chomhlíon an Roinn Oideachais agus Eolaíochta dualgas reachtúil de chuid an Achta Oideachais 1998 nuair nach raibh fáil ar leaganacha reatha i nGaeilge, i gcló agus go leictreonach, de shiollabais na n-ábhar éagsúil iarbhunscoile. Ba shárú eile ar an reachtaíocht chéanna é gur i mBéarla amháin a bhí fáil ar “Rialacha agus Cláir le haghaidh Meánscoileanna,” an treoirleabhair oifigiúil do riaradh agus bainistiú scoileanna, scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta san áireamh.

Príomhoide iar-bhunscoile – ar scoil aitheanta í a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil – a rinne an gearán agus a dúirt go raibh na siollabais chomh maith le rialacha agus cláir na meánscoileanna ar fáil go saoráideach trí Bhéarla mar sheirbhís taca do scoileanna a d’fheidhmigh trí mheán na teanga sin.

Ba é seasamh na Roinne, i dtús aimsire, gurbh é fírinne an scéil go raibh fáil ar fhormhór mór na siollabas trí Ghaeilge ach chruthaigh tuilleadh tochailte go raibh 27 ábhar ar chúrsaí an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta nach raibh leaganacha clóite dá siollabais ar fáil i nGaeilge. Cé go raibh leaganacha Béarla de thromlach na siollabas ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, bhí 42 ábhar nach raibh leaganacha Gaeilge dá siollabais ar fáil ar an suíomh gréasáin céanna.

Foilsíodh cuid mhaith de na siollabais chuí trí Ghaeilge in eagrán na bliana 1991 de “Rialacha agus Cláir le haghaidh Meánscoileanna”, nach raibh i gcló a thuilleadh. Mhol an Roinn go bhféadfadh scoileanna fótachóipeanna a lorg uaithi. Bhí eagrán nuashonraithe den leagan Béarla de “Rules and Programmes for Secondary Schools” á bhfoilsíú go rialta agus cuireadh 6 eagrán ar leith ar fáil ó tháinig an tAcht Oideachais i bhfeidhm sa bhliain 1998, ach gan aon eagrán i nGaeilge ón mbliain 1991.

Bhí sé mar argóint ag an Roinn freisin nach raibh aon dualgas uirthi faoin Acht Oideachais leaganacha Gaeilge de na siollabais a sholáthar agus gur cheadaigh an reachtaíocht discríd don Aire i dtaca le soláthar seirbhísí de réir na n-acmhainní a bhí ar fáil.

Thagair an Roinn freisin do bhreithiúnas Ard-Chúirte a dúirt, cé gur fhoráil an tAcht Oideachais do “feidhmeanna” a bheith tugtha don Aire, nár leag sin dualgais uirthi. Tháinig an t-imscrúdú ar mhalairt d’argóintí, áfach, i gcás de chuid na Cúirte Uachtaraí.

Chinn an Coimisinéir Teanga, tar éis dian-anailís a dhéanamh ar na hargóintí dlíthiúla agus fíorasacha ar fad, go raibh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag sárú dualgais reachtúla a bhí daingnithe san Acht

Oideachais 1998 agus leag sé amach clár ina raibh 10 gcinn de phointí a chinnteodh nach leanfadh an sárú sin.

Meabhraíodh i dtuarascáil an imscrúdaithe go raibh ceart reachtúil ann achomharc a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh ach ní dhearnadh a leithéid d'achomharc.

Dúirt an Coimisinéir Teanga gur chúis díomá dó go raibh soiléireacht agus trédhearcacht in easnamh i gcuid den chur chuige a bhain leis an soláthar eolais don imscrúdú i dtús ama, rud a chruthaigh féidearthacht go bhféadfadh an t-imscrúdú a bheith curtha ar mhíthreoir.

**Imscrúdú seolta: 11 Iúil 2007**

**Tuarascáil eisithe: 17 Deireadh Fómhair 2007**

## **An Garda Síochána**

Tá an Garda Síochána le córas dátheangach a fhorbairt d'eisiúint Fógraí Muirear Socraithe (do phointí pionóis) tar éis imscrúdaithe de chuid an Choimisinéara Teanga.

Bhain an gearán le freagra i scríbhinn i mBéarla a bheith eisithe ag an nGarda Síochána ar chomhfhreagras trí Ghaeilge ó chainteoir dúchais Gaeilge ón nGaeltacht i gcás a bhain le fíneáil agus pointí pionóis a bheith á ngearradh air de bharr gur úsáid sé fón póca le linn dó a bheith ag tiomáint gluaisteáin.

Cé nach d'aonghnó a sáraíodh an reachtaíocht sa bhfreagra i mBéarla a tugadh air dhírigh an cás aird ar fhadhb níos tromchúisí, sé sin go raibh príobháidú déanta ar an gcóras le déileáil le fógraí muirear socraithe an Gharda Síochána agus nach bhféadfadh an córas nua sin próiseáil a dhéanamh ar ábhar i nGaeilge.

Tugadh le fios don imscrúdú nach raibh sé mar choinníoll sa chonradh do sholáthar an chórais nua uathoibríoch phróiseála go gcaithfeadh an córas sin a bheith ábalta feidhmiú trí Ghaeilge.

Bhí sé mar thoradh air seo go raibh roinnt daoine le Gaeilge tar éis athbhreithnithe breithiúnacha a lorg san Ard-Chúirt gan aon chur ina n-aghaidh ón Stát.

Mar chuid den imscrúdú ar an ngearán chas an Coimisinéir Teanga le hionadaithe sinsearacha de chuid an Gharda Síochána, an Leas-Choimisinéir Rock, atá freagrach as cúrsaí tráchta, san áireamh.

Comhaontaíodh nach raibh aon fhadhb dhlíthiúil nó pholasaí mar chonstaic ar eisiúint Fógraí Muirear Socraithe trí Ghaeilge ach go ndíreodh an Garda Síochána ar fhadhbanna praiticiúla ar leith a bhí le réiteach. Idir an dá linn, ní chuirfí brú ar dhaoine an gnó seo a dhéanamh trí Bhéarla.

Cé gur chinn an t-imscrúdú gur sháraigh an Garda Síochána foráil de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla, aithníodh nach d'aonturas a tharla an sárú sin.

Moladh sa chás is gur bheartaigh an Garda Síochána dul chun cinn leis an gcás i gcoinne an ghearánaigh gur le leagan Gaeilge d'Fhógra Muirear Socraithe a dhéanfaí sin. Dá gcinnfí gan dul chun cinn le próiseáil an cháis i gcoinne an ghearánaigh ó tharla gur thug an t-imscrúdú deis don Gharda Síochána déileáil le saincheisteanna tábhachtacha, mhol an Coimisinéir Teanga go n-íocfadh an gearánach suim airgid nach mó ná an fhíneáil sa chás seo le heagraíocht dheonach a bhain le sábháilteacht ar bhóithre nó le cearta teanga.

**Imscrúdú seolta:** 2 Iúil 2007

**Tuarascáil eisithe:** 21 Lúnasa 2007

## **Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

Léirigh imscrúdú de chuid an Choimisinéara Teanga go raibh foráil de chuid an Achta Oideachais 1998 á sárú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit mar go raibh páipéir scrúdaithe na hArdteistiméireachta a freagraíodh trí Ghaeilge á marcáil i gcomhréir le scéimeanna marcála a bhí ar fáil i mBéarla amháin.

Dúirt duine de bheirt ghearánach leis an gCoimisinéir Teanga gur ábhar iontais di gur i mBéarla a bhí anótáil déanta ag an scrúdaitheoir ar script scrúdaithe Ardteistiméireachta trí Ghaeilge de chuid a hiníne.

Tháinig sé chun solais go raibh sé mar nós agus cleachtas ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit, an eagraíocht atá freagrach i bhforbairt, i measúnú, i greidiúnú agus i ndeimhniú na scrúduithe dara leibhéal stáit, scéimeanna marcála a sholáthar i mBéarla amháin do scrúdaitheoirí.

Cé go bhfuil riachtanas le scéimeanna marcála mar chuid lárnach den chóras scrúduithe, baintear úsáid freisin astu nuair atá seiceáil á déanamh ag mic léinn ar a gcuid scrípteanna agus foilsítear ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin iad mar uirlis oideachais.

Ba é seasamh an Choimisiúin nár chreid sé go raibh dualgas air faoin Acht Oideachais leaganacha Gaeilge de scéimeanna marcála a sholáthar agus go raibh sé tábhachtach go mbeadh aon cháipéis chinntitheach amháin ann le go laghdófaí an mearbhall a bhainfeadh le dhá scéim mharcála.

Bhí sé mar argóint ag an gCoimisiún freisin go mbeadh sé an-deacair a chinntiú go bhféadfaí aistriúchán cruinn a dhéanamh ar scéimeanna marcála laistigh den scála ama a bhí i gceist, rud a d'fhágfadh gur fiontar an-bhaolach a bheadh ann agus go bhféadfadh drochthoradh a bheith air i gcás an chórais oideachais, i gcás cúrsaí oiliúna agus earcaíochta agus i gcás na n-iarrthóirí agus an phobail i gcoitinne.

Bhí argóintí dlíthiúla agus praiticiúla eile ag an gCoimisiún freisin.

Chonacthas don imscrúdú má bhí dualgais reachtúla ar an gCoimisiún scéimeanna marcála a sholáthar trí Ghaeilge, nár leor iontu féin aon fhadhbanna praiticiúla a bheadh i gceist le leasú nó teorannú a dhéanamh ar dhualgais reachtúla a bheadh daingnithe i ndlí ag an Oireachtas.

Chinn an Coimisinéir Teanga tar éis dian-anailís a dhéanamh ar na hargóintí ar fad, gur riachtanas de chuid an Achta Oideachais a bhí ann go gcuirfí scéimeanna marcála trí Ghaeilge ar fáil do scrúduithe na hArdteistiméireachta agus go raibh an dualgas reachtúil sin á shárú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Meabhraíodh i dtuarascáil an imscrúdaithe go raibh ceart reachtúil ann achomharc a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh ach ní dhearnadh a leithéid d'achomharc.

Mar aitheantas ar an gcás a rinne Coimisiún na Scrúduithe Stáit faoin mbaol a bhain le soláthar scéimeanna marcála trí Ghaeilge agus trí Bhéarla agus an inní faoin drochthoradh a d'fhéadfadh a bheith ann, gan dochar don dualgas iomlán a bhí i gceist, mhol an Coimisinéir Teanga gur ar bhonn céimnithe thar thréimhse trí bliana a sholáthrófaí scéimeanna marcála trí Ghaeilge.

Meabhraíodh i dtuarascáil chuimsitheach ar an imscrúdú a eisíodh i Meitheamh 2007 go raibh ceart reachtúil ar achomharc a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh ach ní dhearnadh a leithéid d'achomharc.

D'fháiltigh an Coimisinéir Teanga roimh dheimhniú ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit gur ghlac sé le fionnachtana agus moltaí an imscrúdaithe.

**Imscrúdú seolta:                    2 Márta 2007**

**Tuarascáil eisithe:                29 Meitheamh 2007**



## **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

Chinn imscrúdú de chuid an Choimisinéara Teanga gur sháraigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh foráil reachtúil de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 nuair a d'fhoilsigh sí an Páipéar Uaine ar Phinsin i mBéarla amháin ag tráth nach raibh fáil go comhuaineach ar leagan i nGaeilge.

Ball den phobal a rinne gearán go ndúirt an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh leis nach bhféadfaí leagan Gaeilge a chur ar fáil dó den Páipéar Uaine ar Phinsin a bhí foilsithe le gairid roimhe sin i mBéarla. Mheas an gearánach ó tharla gur doiciméad a bhí i gceist inar leagadh amach “tograí beartais phoiblí” gur cheart go mbeadh sé ar fáil go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla de réir forála de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Ghlac an Roinn leis gur cheart go mbeadh an leagan Gaeilge foilsithe ar an lá céanna is a sheol an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh an leagan Béarla.

Ba é cás na Roinne go raibh dianiarrachtaí déanta aici agus mórán ama agus fuinnimh caite aici le cinntiú go bhfoilseofaí an doiciméad go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, ach gur tháinig deacrachtaí chun cinn leis an gcuideachta thráchtála aistriúcháin a bhí curtha i mbun an tionscnaimh aici.

Ní raibh fáil ar leagan críochnúil i nGaeilge a bhí inghlactha go ceann trí seachtaine tar éis ócáid sheolta an leagain i mBéarla de bharr sárarithe ar spriodhata agus de bharr earráidí agus easnamh sa téacs Gaeilge.

Thug an Roinn le fios don imscrúdú nach raibh sé i gceist aon uair an ócáid seolta a chur ar atráth chun a chinntiú go mbeadh an foilsíú á dhéanamh go comhuaineach sa dá theanga, rud atá ina riachtanas reachtúil. Thug sí le fios go gcuirfeadh sin as do go leor daoine agus go gcuirfí airgead poiblí amú. Níor tugadh aon eolas don Taoiseach, don Tánaiste ná dá ranna go raibh an doiciméad a bhí le seoladh á fhoilsiú in ainneoin an tsárarithe reachtaíochta.

Chonacthas don imscrúdú, d'ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ag an Roinn le cuideachta aistriúcháin ar leith, gur ar an Roinn amháin a bhí an fhreagracht a chinntiú go gcloífí le dualgais reachtúla. D'fhág a laghad ama a bhí idir an spriodhata do sholáthar an téacs aistrithe agus an dáta seolta – ar a mhéad sé lá – gur beag deis a bhí ann fadhbanna a réiteach.

Thug an Coimisinéir Teanga faoi deara freisin nár éiligh an Roinn gur aistritheoir ón bpainéal d'aistritheoirí creidiúnaithe a chuirfí i mbun na hoibre. Dúirt sé gur dheacair an chúis a cheapadh roinn rialtais go bhféadfadh sí droim láimhe a thabhairt do mhianta an Oireachtais, go

raibh sé de cheart aici dul chun cinn le hócáid seolta a bhain le doiciméad aonteangach agus airgead poiblí a chaitheamh ar an ócáid sin agus í ar an eolas go raibh sárú á dhéanamh ar dhualgas reachtúil, a thuiscint.

Léirigh an t-imscrúdú gur sháraigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh foráil reachtúil de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla agus rinneadh ceithre mholadh a raibh sé mar bhunaidhm acu a chinntiú go gcloífe feasta leis an dualgas reachtúil a bhí i gceist. Níor úsáid an Roinn a ceart ar achomharc chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh laistigh de 4 seachtaine.

**Imscrúdú seolta: 24 Deireadh Fómhair 2007**

**Tuarascáil eisithe: 28 Nollaig 2007**

## **An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**

Chinn imscrúdú de chuid an Choimisinéara Teanga gur sháraigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais foráil reachtúil de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla le linn sheachadadh leabhráin mar chor poist chuig an bpobal i gcoitinne.

Is é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an phríomh-ghníomhaireacht stáit ar chúrsaí míchumais agus cuireann sé saineolas neamhspleách ar fáil don Rialtas ar cheisteanna polasaí agus cleachtais.

Rinne duine a bhfuil cónaí air lasmuigh den Ghaeltacht gearán gur leagan i Béarla amháin a fuair sé sa phost de leabhrán ón Údarás Náisiúnta Míchumais nuair a chreid sé gur cheart go bhfaigheadh sé leagan i nGaeilge nó leagan dátheangach de thoradh ar fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Ba é seasamh an Údaráis Náisiúnta Míchumais nár sháraigh sé aon dualgas reachtúil agus, mar thaca leis an seasamh sin, thairg sé argóintí praiticiúla bunaithe ar thaithí, cleachtas, costais phoiblí agus ar phrionsabail na comhréire chomh maith le hargóintí bunaithe ar chomhairle agus ar fhorléiriú dlíthiúil.

Dhearbhaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais don imscrúdú gur scaip sé c.1.7 milliún cóip den leabhrán i mBéarla tríd an gcóras poist ar fud na tíre, gur ullmhaíodh 85,000 cóip den leabhrán i nGaeilge agus gur scaipeadh thart ar 29,000 cóip díobh sin i gceantair áirithe Ghaeltachta. Dúradh gur cur chuige spriocdhírthe a glacadh i ndáileadh an leabhráin. Cuireadh ar fáil é sa dá theanga ar shuíomh gréasáin na heagraíochta agus bhí sé le fáil freisin ach iarratas a dhéanamh ar an Údarás Náisiúnta Míchumais.

Go gairid sula raibh tús le cur le dáileadh an choir poist d'iarr agus fuair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle ó bhéal agus i scríbhinn ó Oifig an Choimisinéara Teanga maidir lena dhualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Thug foinsí eile comhairle den chineál céanna don eagraíocht a dheimhnigh go raibh dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú gur i nGaeilge, nó go dátheangach, a bheadh cora poist faisnéise áirithe chuig an bpobal i gcoitinne.

Faoin am sin, bhí socruithe déanta ag an eagraíocht maidir le mórshaothar priontála an leabhráin le cuideachta Iodálach agus bhí plean dáileacháin socraithe leis An Post.

Agus é ina inní go bhféadfadh go mbeadh atheagar le déanamh ar an tionscnamh ar fad ag an nóiméad deiridh, d'iarr an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhairle bhreise ar cheannasaíocht a mháthair-roinne, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Dúirt an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leis an imscrúdú gur dheimhnigh an Roinn gur bhreithnigh an té a bhí an uair sin ina Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (an tUasal Michael McDowell) gur “chomhlíon gníomhartha molta an Údaráis Náisiúnta Míchumais ceanglais an Achta trína chinntiú go raibh leagan Gaeilge agus leagan Béarla araon ar fáil ag an am céanna agus gur léiríodh sa dá theanga go raibh teacht orthu. Breithníodh é sin faoi threoir prionsabail dhlíthiúla chomh maith le saincheist an chostais phoiblí agus le prionsabal na comhréireachta.”

Rinne an t-imscrúdú dianmhachnamh ar na hargóintí ar fad a rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus rinneadh géarscrúdú ar fhorléirithe dlíthiúla na forála ar leith sin den Acht.

Thug an t-imscrúdú faoi deara gur faoi bhun €472 a chosain an t-aistriúchán go Gaeilge ar an leabhrán i dtionscnamh a raibh buiséad iomlán de €375,000 luaite leis.

Ba é cinneadh an Choimisinéara Teanga go raibh an córas a d’úsáid an tÚdarás Náisiúnta Míchumais do dháileadh an choir phoist, i mBéarla den chuid is mó, ina shárú ar a dhualgas reachtúil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus rinne sé sraith de mholtaí le cinntiú nach dtarlódh seo arís.

Ní dhearna an tÚdarás Náisiúnta Míchumais achomharc ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh laistigh de 4 seachtaine agus dheimhnigh sé níos déanaí gur ghlac sé le fionnachtain an imscrúdaithe agus go raibh na moltaí á gcur i bhfeidhm aige.

**Imscrúdú seolta: 10 Bealtaine 2007**

**Tuarascáil eisithe: 17 Lúnasa 2007**

## **Imscrúduithe Eile**

### **Bus Éireann**

Dheimhnigh imscrúdú eile go raibh foráil de chuid an Achta Iompair 1950 maidir le ticéid a chlóbhualadh go hiomlán i nGaeilge nó go dátheangach á sárú i dtaca le ticéid taistil áirithe faoin scéim iompar scoile ag Bus Éireann.

Bhí sé mar chás ag Bus Éireann nach raibh an cineál ticéid, na “cárta-thicéidí” a raibh tagairt dóibh in acht na bliana 1950, in úsáid a thuilleadh agus gur ar pháipéar a bhí ticéid á gclóbhualadh anois. Dúradh go raibh deacrachtaí ag córas teicneolaíocht faisnéise na heagraíochta ticéid a bheadh iomlán dátheangach a sholáthar. Dúradh freisin go raibh ceisteanna faoi chumas cuid d’fhoireann tiománaithe bus an chomhlachta, ar eachtrannaigh gan Ghaeilge iad, ticéid a thuiscint mura mbeadh treoracha soiléire orthu i dteanga a thuigfidís agus go bhféadfadh ceisteanna tromchúiseacha faoi shábháilteacht leanaí a bheith i gceist dá mbeadh baol ann go bhfágfaí leanbh ar thaobh an bhóthair de bharr nár thuig tiománaí bus scoile teanga agus bailíocht an ticéid.

Rinne an t-imscrúdú meá cúramach ar na hargóintí dlíthiúla agus praiticiúla ar fad.

Chinn an t-imscrúdú gur bhain an dualgas reachtúil san Acht Iompair le húsáid teangacha ar thicéid, ba chuma an ar chárta nó ar pháipéar a bhí siad clóbhuailte. Ba leor tuiscint ar cheann amháin de na teangacha oifigiúla – Gaeilge nó Béarla – le bailíocht ticéad dátheangach a mheas. D’aithin an t-imscrúdú a thábhachtaí is a bhí sábháilteacht leanaí agus an fhreagracht ollmhór a ghabh leis sin do Bhus Éireann ach níor glacadh leis go bhféadfadh ticéid dhátheangacha a bhí deartha agus soláthraithe go gairmiúil ag comhlacht poiblí baol ar bith a chothú do shábháilteacht leanaí agus, sa bhreis air sin, go bhféadfadh an comhlacht a chinntiú go soiléireofaí nádúr dátheangach na dticéad do thiománaithe.

Chinn an Coimisinéir Teanga go raibh an fhoráil chúí den Acht Iompair 1950 á sárú ag Bus Éireann agus rinne sé trí cinn de mholtaí. Meabhraíodh go raibh ceart reachtúil ann achomharc a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine chuig an Ard-Chúirt ar phone dlí i gcoinne an chinnidh ach ní dhearnadh a leithéid d’achomharc.

**Imscrúdú seolta:** 4 Deireadh Fómhair 2007

**Tuarascáil eisithe:** 13 Nollaig 2007

## **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

Ghlac Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leithscéal nuair a cruthaíodh in imscrúdú gur sháraigh an eagraíocht a dualgas reachtúil i gcás inar cuireadh seirbhís fiacloireachta, ar sheirbhís phobail í, ar fáil i mBéarla amháin i scoil Ghaeltachta.

**Imscrúdú seolta:** 10 Iúil 2007  
**Tuarascáil eisiithe:** 29 Meán Fómhair 2007

## **Comhairle Contae Fhine Gall**

Ghabh Comhairle Contae Fhine Gall leithscéal nuair a léirigh imscrúdú gur theip uirthi cloí lena dualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le cumarsáid leis an bpost leictreonach i nGaeilge a fhreagairt sa teanga chéanna sin.

**Imscrúdú seolta:** 17 Deireadh Fómhair 2007  
**Tuarascáil eisiithe:** 19 Samhain 2007

## **Coimisiún Thithe an Oireachtais**

Chinn imscrúdú de chuid an Choimisinéara Teanga nach sárú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhí ann gan leaganacha Gaeilge de bhíllí a bheith ar fáil le linn an phróisis achtaithe reachtaíochta i dTithe an Oireachtais.

Rinne grúpa d’ochtair ball den Oireachtas – beirt Seanadóirí agus seisear Teachtaí Dála – gearán go raibh constaic mhór rompu maidir le feidhm a bhaint as a gcearta chun an Ghaeilge a úsáid i ndíospóireachtaí agus in imeachtaí eile de chuid Thithe an Oireachtais mar gur i mBéarla amháin a foilsíodh billí formhór mór an ama.

Mhaígh na baill Oireachtais sin nach raibh cothrom na féinne á fháil acu i gcomparáid le Teachtaí Dála agus Seanadóirí a bhí sásta an Béarla a úsáid i gcónaí, go bhféadfadh a gcearta bunreachtúla a bheith á sárú agus nach raibh an dualgas reachtúil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le hAchtanna a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla á chomhlíonadh.

Bhí fadhbanna le téarmaíocht ó tharla gan billí a bheith ar fáil i nGaeilge, dar leo, agus bhí cosc orthu leasuithe i nGaeilge a mholadh ar bhíllí i mBéarla.

Rinne siad comparáid idir an fhoráil in Acht na dTeangacha Oifigiúla i dtaca le foilsiú comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar Achtanna agus foráil den chineál céanna i reachtaíocht Cheanada. Rialaigh Cúirt Uachtarach na tíre sin gur chiallaigh an fhoráil gur ghá billí a fhoilsiú sna teangacha oifigiúla ansin, Béarla agus Fraincis.

Rinne Cathaoirleach Choimisiún Thithe an Oireachtas, an Ceann Comhairle John O’Donoghue, soiléir don imscrúdú ina fhreagra nach raibh aon ghlacadh ag an eagraíocht leis gur sárú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhí ann gan fáil a bheith ar leaganacha Gaeilge de bhíllí le linn an phróisis achtaithe i dTithe an Oireachtais.

Rinne an Coimisiún an cás gur tar éis an phróisis achtaithe amháin a d’éirigh an oibleagáid chun Achtanna a chló agus a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla ó tharla gur dhearbhaigh an fhocláíocht san fhoráil reachtúil go soiléir gur “tar éis aon Acht den Oireachtas a achtú,” a dhéanfaí an téacs a chló agus a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla.

Dhiúltaigh an Coimisiún d’ábhathacht na comparáide le reachtaíocht Cheanada.

Níor tháinig sé faoi dhlínse an imscrúdaithe aon bhreithiúnas de chineál ar bith a dhéanamh ar an gceist bhunreachtúil a bhí dúisithe ag na

gearánaigh mar go bhforálann Bunreacht na hÉireann gur gnó do chóras na gCúirteanna amháin é déileáil le ceisteanna bunreachtúla.

Maidir leis an ngearán nach raibh an dualgas reachtúil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla á chomhlíonadh, chinn an t-imscrúdú nach bhféadfaí forléiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin a d'éileodh go mbeadh billí – seachas achtanna tar éis a n-achtaithe – á soláthar go comhuaineach trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. Dá thoradh sin, dhiúltaigh an Coimisinéir Teanga don ghearán agus ní dhearna sé aon mholtaí.

Meabhraíodh do na páirtithe san imscrúdú go raibh ceart reachtúil ar achomharc a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh ach ní dhearnadh a leithéid d'achomharc.

**Imscrúdú seolta: 9 Samhain 2007**

**Tuarascáil eisithe: 13 Nollaig 2007**



## **An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.**

### Scor d'imscrúdú

Scoir an Coimisinéir Teanga d'imscrúdú nuair a diúltaíodh cead dó teacht ar eolas i gcomhaid chuí de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mar gur bhain siad le cinntí agus imeachtaí de chuid an Rialtais.

Bhain an t-imscrúdú, a seoladh ar iarratas ó Chonradh na Gaeilge, le comhlíonadh an dualgais reachtúil a éilíonn go mbeadh “sa mhéid gur féidir é agus gach ní a bhaineann leis an scéal d'áireamh,” oiread eolais ar an nGaeilge ag breitheamh a cheapfaí do dhúiche ina mbeadh limistéar ina raibh an Ghaeilge in úsáid ghinearálta (.i. ceantar Gaeltachta) nach mbeadh gá le hateangaire nuair a bheifí ag éisteacht le fianaise i nGaeilge.

Tá an fhoráil seo san Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924.

Mar chuid den imscrúdú iarradh tuairisc ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar cheisteanna ar leith maidir le sannadh breitheamh dúiche chuig ceantar ina bhfuil limistéar Gaeltachta agus iarradh comhaid chuí de chuid na Roinne don imscrúdú lena mbreithniú.

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ní gá dualgas chun faisnéis nó taifid a chur ar fáil don Choimisinéir Teanga le linn imscrúdaithe a chomhlíonadh má thugann Ard-Rúnaí an Rialtais deimhniú go bhfuil an fhaisnéis nó na taifid atá i gceist bainteach le cinntí agus le himeachtaí de chuid an Rialtais.

Sheol an té a bhí an uair sin ina Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Michael McDowell, deimhniú bailí ó Ard-Rúnaí an Rialtais i gcás fhormhór na dtaifead ar chomhaid na Roinne sa chás chuig an gCoimisinéir Teanga.

In éagmais na dtaifead ábhartha a bheith ar fáil dó, chinn an Coimisinéir Teanga nach mbeadh sé slán aige fionnachtain a dhéanamh gur comhlíonadh nó nár comhlíonadh an fhoráil reachtúil sa chás seo ná moltaí a eisiúint.

Chuir sé an cinneadh sin agus an t-údar dó in iúl do Chonradh na Gaeilge, a rinne an bunghearán sa chás seo.

**Imscrúdú seolta:**

**2 Márta 2007**

**Cinneadh an t-imscrúdú a scor: 18 Bealtaine 2007**